Hóng2_Layout 1 26/10/2012 13:45 Page 3

HÓNG

ANNA HEUSSAFF

Cló Iar-Chonnacht
Indreabhán
Conamara

Hóng2_Layout 1 26/10/2012 13:45 Page 4

An chéad chló 2012
© Cló Iar-Chonnacht 2012

ISBN 978-1-909367-61-6

Dearadh: Deirdre Ní Thuathail
Ealaín an chlúdaigh: Martin Fagan
Dearadh clúdaigh: Clifford Hayes

Foras na Gaeilge

Tá Cló Iar-Chonnacht buíoch de Fhoras na Gaeilge as tacaíocht airgeadais a chur ar fáil.

Faigheann Cló Iar-Chonnacht cabhair airgid ón gComhairle Ealaíon.

Tá an t-údar buíoch de Chlár na Leabhar Gaeilge (Foras na Gaeilge) as coimisiún a bhronnadh uirthi i leith an tsaothair seo.

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon bhealach ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur: Cló Iar-Chonnacht, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.
Teil: 091-593307 Facs: 091-593362 r-phost: cic@iol.ie
Priontáil: Nicholson Bass.

Hóng2_Layout 1 26/10/2012 13:45 Page 5

do mo nia Ciarán Heussaff
léitheoir den scoth

Hóng2_Layout 1 26/10/2012 13:45 Page 6

Anna Heussaff

Is é *Hóng* an dara úrscéal do léitheoirí óga a scríobh Anna Heussaff. Bhí triúr de na carachtair chéanna, Evan, Rio agus Síofra, sa chéad cheann, *Vortex* (Cois Life 2006). Scríobh sí trí úrscéal do dhaoine fásta freisin: *Bás Tobann* (Cois Life 2004), *Cúpla Focal* (Cois Life 2007) agus *Buille Marfach* (CIC 2010). Bronnadh mórdhuais i gComórtais an Oireachtais ar gach ceann dá cuid úrscéalta.

Tá cónaí ar Anna Heussaff i mBaile Átha Cliath, áit ar tógadh le Gaeilge í. Chaith sí blianta ag obair ar chláir raidió agus teilifíse sular thosaigh sí ag scríobh. Ó am go chéile, cuireann sí ceardlanna scoile ar siúl faoi scáth scéim Scríbhneoirí sna Scoileanna atá á riar ag Éigse Éireann/Poetry Ireland.

Hóng2_Layout 1 26/10/2012 13:45 Page 7

Caibidil a hAon

Meán oíche. An teach ciúin. Gach duine sa leaba ach Evan.

Bhí sé ina shuí sa dorchadas. Bhí a chroí ag preabadh. Cheap a mham is a dhaid go raibh sé ina chodladh. Ní raibh a fhios acu go raibh sé thíos sa seomra suite, ag imirt cluiche ar an ríomhaire.

Cluiche iontach ab ea Hóng. Bhí saol iomlán istigh ann – cathair mhór i lár na Síne, daoine ag obair agus ag troid, ag cleasaíocht agus ag goid. Cuid acu cairdiúil, cuid eile contúirteach. Eachtraí nua de shíor.

Bhí Evan ar an ríomhaire níos luaithe sa lá, nuair a tháinig sé abhaile ón scoil. Bhí sé ag imirt go maith. Bhí airgead aige. Fuair sé gluaisteán nua. Bhí sé sásta leis féin. Ach ansin tharla rud aisteach – rud nár thuig sé.

Hóng2_Layout 1 26/10/2012 13:45 Page 8

Tá brón orm. Tá eagla orm. Cabhraigh liom. In Éirinn.

Focail a scríobh imreoir eile ar scáileán an ríomhaire. Bhí cabhair ón imreoir eile, ní istigh sa chluiche ach in Éirinn. B'in a bhí aisteach. Agus bhí ainm aisteach ar an imreoir freisin – Yin, ainm nach bhfaca Evan cheana. Cailín ab ea Yin, dar leis, ach ní raibh sé lánchinnte de sin.

Thug Evan freagra ar Yin. *Ní thuigim. Cé tusa? Cén fáth go bhfuil eagla ort?*

Ach níor fhreagair sí a chuid ceisteanna. *Tá deifir orm,* a dúirt sí. *Tiocfaidh mé ar ais.*

Theastaigh ó Evan dul ar ais ar an ríomhaire tar éis am dinnéir, agus a fháil amach cérbh í Yin. Ach dúirt a mham go raibh sé ag imirt go rómhinic. Is leor uair an chloig sa lá ar an ríomhaire, ar sí. B'fhearr leabhar a léamh, nó dul amach faoin aer sa ghairdín.

Chuaigh sé a luí ag a deich a chlog. Ach ní raibh sé in ann dul a chodladh. Bhí sé ag smaoineamh ar an gcluiche an t-am ar fad. Chuala sé a dheirfiúr Síofra ag dul a luí. Chuala sé a mham is a dhaid ag dul isteach ina seomra codlata. Chuala sé na fuaimeanna go léir sa teach, agus d'éist sé leis an tost a lean iad.

Sa deireadh, d'éirigh sé as a leaba. Chuir sé air a gheansaí agus chuaigh sé síos go dtí an seomra suite

sa dorchadas. Bhí an teach an-chiúin. Chuala Evan a chroí ag bualadh.

D'oscail sé an cluiche ar an ríomhaire. "Hóng" an focal Sínise ar "dearg", agus Hóngchéng, nó an Chathair Dhearg, ab ainm don chathair istigh sa chluiche. Bhí Hóngchéng cosúil le Hong Kong nó Shang-hai nó Chóngqìng, cathracha ollmhóra sa tSín. Ar an idirlíon a bhí Evan á imirt, mar a bhí na mílte eile ar fud an domhain ag an am céanna – gach imreoir sa bhaile ar a ríomhaire ag stiúradh a charachtair féin ar an scáileán.

Chonaic Evan a chara Rio ar an scáileán. Bhí glib ghruaige ag sileadh anuas ina shúile agus gáire réidh ar a bhéal. Pictiúr de Rio a bhí ann, ar ndóigh, a rinne sé istigh sa chluiche, ach bhí sé an-chosúil le Rio féin. A chuid gruaige dorcha, agus t-léine fada dubh air mar a bhíodh sa saol.

Bhíodh Rio ag imirt go mall istoíche go minic. Ní deireadh a mham siúd leis stopadh den ríomhaire, ná leabhar a léamh. Cheap Evan go raibh saol bog aige. Ar ndóigh, bhí níos mó pointí ag Rio sa chluiche ná mar a bhí aige féin.

Bhí margadh mór ar siúl i lár Hóngchéng. Bhí boird agus seastáin ar na sráideanna – bia, bróga, fóin phóca agus a lán eile a bhí ar díol. Bhí bord ag Rio agus Evan, clúdaithe le ceamaraí agus spéaclaí gréine. Bhí airgead maith le fáil ón obair. Gan

Hóng2_Layout 1 26/10/2012 13:45 Page 10

airgead, ní raibh tú in ann a bheith beo in Hóngchéng.

Shiúil Evan suas síos na sráideanna istigh sa chluiche. Bhí a phictiúr féin le feiceáil ar an scáileán freisin, díreach mar a bheadh aisteoir i scannán. Dath fionn ar a chuid gruaige, agus a shúile donna ag faire go géar. É gléasta go néata, slachtmhar, mar a thaitin leis.

Bhí slua mór ag an margadh, ach an raibh Yin ina measc? Bhí éadaí bána uirthi níos luaithe sa lá, éadaí fada scaoilte mar a bheadh ar chailín. Bhí a cuid gruaige dubh, ach ní fhaca sé a súile ná a béal toisc go raibh scáth dearg ina lámh. Scáth fearthainne a bhí ann, is dócha, cé go raibh an lá tirim istigh sa chluiche.

An uair seo, ní fhaca sé aon duine gléasta in éadaí bána. Shiúil sé ar ais i dtreo Rio. Bhí beirt chustaiméirí in aice leis an mbord. Bhí ceamaraí ina lámha acu agus Rio ag fanacht leis an airgead uathu.

Ach, go tobann, rith na custaiméirí. Bhí na ceamaraí acu ach níor íoc siad astu. Thosaigh Rio ag rith freisin agus é ag béicíl amach os ard.

Gadaithe a bhí iontu. Bhí a lán gadaithe in Hóngchéng – imreoirí a bhí ag iarraidh airgead a fháil dóibh féin go tapa.

Rug Rio ar ghadaí amháin. Thug sé buille dó

Hóng2_Layout 1 26/10/2012 13:45 Page 11

agus thit an fear ar an talamh. Thosaigh an gadaí eile ag troid. Rith Evan trasna na sráide chun cabhrú lena chara.

Ansin chonaic sé Yin. Éadaí bána uirthi, agus scáth dearg ina lámh. Sheas sí in aice leis ar an scáileán agus, arís eile, ní fhaca Evan a haghaidh.

Fan nóiméad, a scríobh sé ar an ríomhaire go tapa. *Tiocfaidh mé ar ais go luath*. Theastaigh uaidh cabhrú le Rio ar dtús, agus ansin labhairt léi. Chonaic sé Rio ag bualadh ciceanna ar ghadaí amháin. Ach bhí na ceamaraí fós ag an bhfear eile.

Bhí slua ag faire ar an troid. Bhí rothair agus gluaisteáin ina stad. Rinne Evan a dhícheall dul trasna na sráide. Ach tháinig an scáth dearg ina bhealach arís. Chonaic sé focail nua ar a scáileán sa bhaile, agus an t-ainm Yin in aice leo.

Tá eagla orm. Tá Yang in Éirinn. Maróidh siad.

Bhí iontas ar Evan. Cérbh é Yang? Agus cé a mharódh é? Bhí an rud ar fad an-aisteach. Agus bhí deifir air cabhrú le Rio freisin.

"Cúig nóiméad, nó beidh tusa i dtrioblóid . . ."

Guth a chuala sé an uair seo, ní ón ríomhaire ach ón seomra suite. Chas Evan timpeall agus chonaic sé a dheirfiúr Síofra ina seasamh in aice leis.

"Cúig nóiméad atá uaim ar an ríomhaire," ar sí arís. "Nó inseoidh mé do Mham agus do Dhaid . . ."